II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN (AE) 2022/1329 ÓN GCOMHAIRLE

an 28 Iúil 2022

lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 377/2012 a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, eintitis agus comhlachtaí áirithe ar bagairt iad ar shíocháin, slándáil nó cobhsaíocht Phoblacht Ghuine Bissau

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 215 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2022/1335 an 28 Iúil 2022 lena leasaítear Cinneadh 2012/285/CBES a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, eintitis agus comhlachtaí áirithe ar bagairt iad ar shíocháin, slándáil nó cobhsaíocht Phoblacht Ghuine Bissau ([1]),

Ag féachaint don togra comhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) Uimh. 377/2012 ón gComhairle ([2]), tugtar éifeacht do Chinneadh 2012/285/CBES ([3]) ón gComhairle agus déantar foráil maidir le bearta áirithe atá dírithe ar dhaoine, eintitis agus comhlachtaí ar bagairt iad ar shíocháin, slándáil nó cobhsaíocht Phoblacht Ghuine Bissau, lena n-áirítear a gcuid sócmhainní a reo.

(2) Le Cinneadh (CBES) 2022/1335 leasaítear teideal Chinneadh 2012/285/CBES.

(3) Tá gá le gníomhaíocht rialála ar leibhéal an Aontais dá réir sin chun go mbeadh éifeacht ag Cinneadh (CBES) 2022/1335, go háirithe d'fhonn a áirithiú go gcuirfidh oibreoirí eacnamaíocha na bearta sin i bhfeidhm go haonfhoirmeach sna Ballstáit uile.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 377/2012 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear 'Rialachán (AE) Uimh. 377/2012 ón gComhairle an 3 Bealtaine 2012 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i nGuine Bissau' in ionad theideal Rialachán (AE) Uimh. 377/2012.

([1]) Féach leathanach 29 den Iris Oifigiúil seo.

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 377/2012 ón gComhairle an 3 Bealtaine 2012 a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, eintitis agus comhlachtaí áirithe ar bagairt iad ar shíocháin, slándáil nó cobhsaíocht Phoblacht Ghuine Bissau (IO L 119, 4.5.2012, lch. 1).

([3]) Cinneadh 2012/285/CBES ón gComhairle an 31 Bealtaine 2012 a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, eintitis agus comhlachtaí áirithe ar bagairt iad ar shíocháin, slándáil nó cobhsaíocht Phoblacht Ghuine Bissau agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2012/237/CFSP (IO L 142, 1.6.2012, lch. 36).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 28 Iúil 2022.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
M. BEK